# LIBERTÉ, ÉGALITÉ, FRATERNITÉ – DEIREADH RÉ

CUMANN BARRA NA GAEILGE – PARIS 2025

Táimid anseo inniu insan ***Centre Culturel Irlandais*** le **Cumann Barra na Gaeilge**. Tá naisc láidir stairiúil idir Páras agus Éire, agus léiríonn an *Ionad Irlandais* an caidreamh seo. Tá nasc speisialta idir an Fhrainc agus Éire, atá bunaithe ar an "**égalité"**, ach go háraithe maidir le rialacha an AE ar comhionannas fostaíochta agus pá comhionann. Is féidir bunús an "**égalité"** a fheiceáil siar in Réabhlóid na Fraince, agus níos mó ná sin, feictear gur imir ***Olympe De Gouges*** ról lárnach i mbunús **égalité** inscine agus cine .

---

## Olympe de Gouges

Rugadh **Olympe de Gouges**, nó Marie Gouze mar a bastaíodh í, in 1748 sa Fhrainc. Ba feimineach í agus bhí dúil mór aici sa pholaitíocht, í ag feidhmiú mar ghníomhaí ar son na polaitíochta. Ó 1767 ar aghaidh, bhí sí gníomhach i bPáras, ag freastal ar salons acadúla agus ag glacadh páirte i ngníomhaíocht intleachtúil. Tar éis tamaill thosaigh sí ag scríobh drámaí, í ag scríobh níos mó ná 30 dráma san iomlán. In 1788, throid sí go fíochmhar in aghaidh gabháil, díolacháin agus ceannacháin de sclábhaithe i gcoilíneachtaí na Fraince. Scríobh sí saothar ar chearta mhná, rud a bhí in iomlán radacach ag an am. Déanfaidh mé níos mó cainte faoi Olympe níos déanaí insan óráid seo, ach ar dtús caithfimid an nasc idir Olympe agus smaointe na Fraince maidir le chomhionannas a thuiscint.

---

## An Fhrainc roimh na Réabhlóide – Seirfeachas Feodach

Go bunúsach, ba tír fheodach í an Fhrainc. Bhí dlíthe oidhreachtúlachta i bhfeidhm agus mar sin roinneadh gach eastáit idir na hoidhrí go léir, agus d'iompaíodh an Fhrainc ina bhailte beaga talún. Déanadh an tír a dheighlit arís; í á roinnt i dtrí Chúirt Achomhairc Ardcheannasach déag, ach níor chlúdaigh a n-udaráis an tír go cothorm.

Déanadh roinn amháin eile, bunaithe ar "Córas an Eastáit", nó an "Ancien Régime". Ba struchtúr sóisialta agus politúil é a roinn an Fhrainc ina trí eastáit:

- An chéad Eastáit, An Chléir
- An dara Eastáit, Na hUaisle
- An tríú Eastáit, An Chosmhuintir

Bhí saol sócúlach ag an gCéad agus ag an Dara Eastáit, inar bhain siad taitneamh as saibhreas an tsaoil. Is ar an Tríú Eastáit afách, a thit cruatán an tsaoil, iad ag streachailt le deachrachtaí eacnamaíochta faoi ualach na gcáineach. Ba é an Tríú Eastáit, ina raibh thart ar 90% de daonra na Fraince, an grúpa is mó agus is éagsúla. Insan grúpa seo bhí gnáth tuathánaigh mar aon le ceannaithe, saothraithe agus fiú dlídóirí!

D'fhulaing an Tríú Eastáit go mór de dheasca ualach na gcáineach. Bhí ról lárnach ag an córas seo in Réabhlóid na Fraince; mar is mó difir agus míthuiscint a bhí ann maidir le bochtanas an meánaicme nó “Bourgeoisie” agus saibhreacht an Céad agus Dara Eastáit, mar is mó fearg a bhí ar an Tríú Eastáit.

---

## An Réabhlóid – Tús an Chomhionannais

Chuir Réabhlóid na Fraince, lena mana “Liberté, Égalité, Fraternité” (Saoirse, Comhionannas, Bráithreachas), comhionannas mar phríomhaidhm acu, agus dhein siad iarracht deireadh a chur leis an “Ancien Régime” agus sochaí le cearta comhionanna do chách a bhunú.

Chuir an Tionól Dáilcheantair Náisiúnta deireadh leis an bhfeodachas, bhunaigh siad comhionannas sibhialta i measc fir (sa Fhrainc féin, choimeádfaí an sclábhaíocht sna coiliníochtaí) agus tugadh an vóta do níos mó ná leath den daonra fireanna fásta, cé nach raibh ach grúpa an-beag in ann a bheith ina bhfir ionaid.

Ghlac an Réabhlóid leis an “bhForógra um Chearta na bhFear agus na Saoránach” (Déclaration des droits de l'Homme et du citoyen de 1789), a scríobh Tionól Dáilcheantair Náisiúnta na Fraince in 1789. D’úsáideach é seo mar bhunús chun náisiún de shaoránaigh saora, a raibh cosaint cothrom dlíthúil acu a chruthú. Cuireadh é ag tús Bunreacht Ceathrú Poblacht na Fraince (1946) agus Bunreacht Cúigiú Poblacht na Fraince (1958) agus is dlí bunreachtúil é.

De réir Alt I, *“Rugtar agus fanann fir siad saor agus cothrom maidir le cearta de. Níor chóir idirdhealú sóisialta a dhéanamh ach ar mhaithe le leas an phobail.”*

Cé gur thug an Réabhlóid cearta do mórmhór an daonra, déanadh idirdhealú fós idir saoránaigh gníomhacha; fir 25 bliain d'aois, ón Fhrainc, ar íoc cáin a bhí cothrom le pá trí lá agus nach sclábhaí iad, agus saoránaigh éighníomhach. Tugadh cearta polaitiúla don saoránach gníomhach ach ní don saoránach éighníomhach, agus mar sin feictear go raibh neamhcomhionannas inscine agus cine fós ann sa sochaí. Thosaigh easaontais idir na saoránaigh gníomhach agus na saoránaigh éighníomhach agus d’fhorbair teanais idir an dá grúpa le linn na Reabhlóide. Ba mhian le go leor ban go leathnófaí prionsabail na Réabhlóide chun mná a chur san áireamh, Olympe de Gouges mar shampla.

## Luath-Shaol agus Cúlra Olympe de Gouges

Rugadh Olympe de Gouges, nó Marie Gouze mar a bastaíodh í, in 1748 sa Fhrainc. Ba luath-fheimineach agus gníomhaí ar son na polaitíochta í. Tar éis di a bheith pósta go mhíshásta, bhog de Gouges go Páras in 1769 agus ghlac sí leis an ainm Gouges chun a cuid saoirse a thaispeáint. D'fhreastal sí ar "salons acadúla" agus bhí caidreamh aici leis an feidhmeannach saibhir *Jacques Biétrix de Rozières*, rud a thug saoirse agus seasmhacht airgeadais di. Nuair a d'iarr sé a lámh chun pósadh uirthi áfach, dhiúltaigh sí agus níor phós sí éinne eile ina dhiaidh sin.

---

## Feachatis i gcoinne na Sclábhaíochta

Thosaigh de Gouges ag scríobh drámaí agus scríobh sí os cionn 30 dráma sa deireadh. In 1788, throid sí go fíochmhar in aghaidh gabháil, díolacháin agus ceannacháin sclábhaithe i gcoilíneachtaína na Fraince. Scríobh sí an dráma L'esclavage Des Noirs, ar cháin lucht tacaíochta na sclábhaíochta go géar é. Eagraíodh feachtais ina coinne, inar déanadh trasnálaithe a fhostú chun taispeántais de Gouge a scriosadh. Chuir sí an dlí ortha ach faroar cuireadh stop leis an dráma tar éis ach trí léiriú.

Léirigh a cuid scríbhneoireacht an creideamh a bhí aici i gcomhionannas nádúrtha i measc gach saghas duine.

---

## Cearta comhionanna do mhná le linn na Réabhlóide

Bhí áthas ar de Gouges nuair a bhris an Réabhlóid amach, í ag súil go dtabharfaí cearta comhionanna do chách. Ba mhó an díomá a bhí uirthi nuair nár tharla seo. Thosaigh sí ag déanamh agóide go hoscailte leis na fir a bhí i gceannas agus d'fhás a dúil sa pholaitíocht.

Bhí sí páirteach i gcumann a chuir cearta comhionanna do mhná chun cinn, agus dúirt, go cáiliúil, ag ceann dá gcruinnithe:

***"Tá ceart ag bean dul suas ar an gcroch, mar sin ba cheart go mbeadh an ceart céanna aici dul suas ar an léibheann."***

I mbeagán focal, dúirt de Gouges má thugtar an breithiúnas céanna do mhná maidir le coireanna agus mná a chuir chun bás, ba cheart cearta poiblí agus sibhialta comhionanna a thabhairt dóibh freisin.

Chuaigh an ráiteas seo isteach mar Alt 10 insan "Forógra um Chearta na mBan agus na Saoránach Baineann" a scríobh de Gouges leis an Cumann um Chairde na Fírinne i Meán Fómhair 1791. Scríobhadh an forógra mar fhreagra ar an "bhForógra um Chearta na bhFear agus na Saoránach" a scríobhadh in Lúnasa 1789.

## Príosúnacht agus Bású

Tharraing gníomhaíochas de Gouges agus a cáineadh láidir des na ceannairí polaitiúla, naimhdeas ó na Jacobins a bhí i gcumhacht, uirthi féin. Sa bhliain 1793, gabhadh de Gouges agus diúltaíodh cúnamh dlí di, ach lean sí uirthi ag scríobh agus í sa phríosún. D'aimsigh na húdaráis dráma neamhchríochnaithe a scríobh sí agus úsáideadh é mar fhianaise ar a cuid comhbhá leis an teaghlach ríoga.

Cuireadh de Gouges chun bás leis an ngiotín ar an 3ú Samhain 1793 mar gheall ar cháineadh polaitiúil agus a ceangail leis na Girondins. Ní fada ina dhiaiadh sin, dhein a mac aon cheangailt a bhí aige léi a shéanadh go poiblí chun a stadás a choimeád.

Níos déanaí, dhein finné anaithnid dá bású cur síos ar na noiméid deirneacha ina saol:

> "*Duine iontach darbh ainm Olympe de Gouges… tháinig sí i dtreo an ardáin le haghaidh ciúin agus suaimhneac uirthi, agus chuir sí iallach ar "Les Furies de Guillotine", a thug chuig an áit phianmhar seo í, admháil nach bhfacthas riamh roimhe a leithéid de mhisneach ná d'áilleacht. … An bhean sin… chaith sí í féin, corp agus anam, go hiomlan isteach sa Réabhlóid. Ach nuair a thuig sí cé chomh gránna agus a bhí an córas a bhí ag na Jacobins, roghnaigh sí a cúl a thabhairt leis. Dhein sí iarracht na drochdhaoine a nochtadh leis na saothair liteartha a d'fhoilsigh sí agus a chroch sí in airde. Níor mhaith siad riamh di é, agus d'íoc sí dá míchúram lena ceann*."

## Oidhreacht

Spreag De Gouges go leor smaointeoirí eile ina ré. Tá a hoidhreachta fós le brath i dtroideanna an lae inniu ar son chomhionannas inscine ar fud an domhain.

In *Eoraip Réabhlóideach* na 1790idí, spreag de Gouges mná ar nós luath-fheimineach Briotanach (agus máthair Mary Shelley), Mary Wollstonecraft, chun a saothar "Vindication of the Rights of Woman" a fhoilsiú. Foilsíodh é in 1792, bliain roimh do bhás de Gouges. Deirtear gur spreag "Forógra um Chearta na mBan" de Gouges an "Declaration of Sentiments", a comhscríobh an sufraigéid Meiriceánach Elizabeth Cady Stanton le gníomhaithe eile, agus a cuireadh i láthair ag comhdháil thábhachtach Seneca Falls in 1848.

## Oidhreacht De Gouges sa Fhrainc agus san Eoraip

Chuaigh troid de Gouges ar son chearta na mban i bhfeidhm ar ghluaiseachtaí níos mó a bhí ag éileamh cearta agus comhionannais sóisialta agus a bhí ag gníomhú ar son pá cothrom agus coinníollacha oibre cuí.

Feictear go soiléir an tábhacht ollmhór atá ag baint le Forógra na gCearta trí comparáid a dhéanamh idir an chéad alt ó **Lúnasa 1789** agus an chéad alt sa *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,* ar ghlac na Náisiúin Aontaithe leis tar éis an dara cogadh domhanda **ar 10 Nollaig 1948.** Tá siad an-chosúil, cé go ndéanann cáipéis an AE tagairt do "dhaoine" seachas "fir".

Ghlac gach forógra agus réamhrá i stair fhada bhunreacht na Fraince le prionsabal an chomhionannais. Ní dhéanann réamhrá bunreacht an 27 Deireadh Fómhair 1946, atá comhtháite go páirteach i gcorp bunreacht reatha na Fraince, eisceacht ar an riail seo. Dearbhaíonn a chéad alt go 'bhFógraíonn muintir na Fraince arís go bhfuil cearta diaga, neamh-inchoimhthithe ag gach duine beo, beag beann ar chine, reiligiúin ná creidimh.'

Tá prionsabal na neamh-idirdhealaithe ina ghné lárnach de dhlí saothair na Fraince.

Tá dlí neamh-idirdhealaithe na Fraince tagtha go mór chun cinn, bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais atá leagtha síos i bhForógra Chearta an Duine agus Ceart Sibhialta ó 1789 agus i mBunreacht na Fraince. I measc na príomhphointí i stair na Fraince, in 1972 togadh dlí isteach a dhein caint chiníoch ina choir agus in 1982, déanadh leasú ar an gCód Saothair a chuir cosc ar idirdhealú san fhostaíocht.

## An Fhrainc agus Pá Comhionann san AE

Thug an Fhrainc dlí pá comhionann isteach den chéad uair i mí na Nollag 1972, agus ó shin i leith, cuireadh rialacháin i bhfeidhm chun an reachtaíocht a neartú agus an bearna phá idir na hinscní a laghdú.

Ón tús, bhí cumhacht ag an AE tionchar a bheith acu ar chothromaíocht inscine sna ballstáit. Tá alt i gConradh na Róimhe, a shocraigh agus a shínigh fir, ag cintiú go dtugtar Pá Comhionann do fir agus do mhná araon (Article 119, EEC).

Pointe simiúil nach bhfuil ar eolais ag cách, ach ba é an t-imní faoi saor-iomaíocht a chruthú i measc na ballstáit a spreag bunaitheoirí an Chomhphobal, mar a bhí sé ag an am, chun pá chomhionann a shocrú. Bhí dlíthe pá comhionann i bhfeidhm cheana féin sa Fhrainc, agus le linn de dhoiciméid bhunúsacha an Chomhphobail a bheith á dréachtú, bhí imní ar an bhFrainc go mbeadh míbhuntáiste iomaíoch uirthi. Ghéill an Ghearmáin do chuid éilimh na Fraince agus cuireadh foráil pá comhionann sa Chonradh bunaidh.

Ó shin i leith, glacann an Aontas Eorpach ról lárnach chun cinntiú go gcaithtear go cothrom le fir agus mná araon.

---

## Pá Comhionann in Éirinn: 19ú go 20ú haoiseanna

Tá bunús ag dlí pá comhionann na hÉireann i ndlí an Aontais Eorpaigh, áit a bhfuil 'pá comhionann ar son obair comhionann' ar cheann de phríomh-phrionsabail an AE agus cumhdaithe sna Conarthaí.

Is sampla tábhachtach de dhlí pá comhionann in Éirinn é an tAcht in aghaidh Idirdhealú (Pá), 1974, atá mar bhunchloch de reachtaíocht comhionann na na hÉireann. De réir an t-alt, ba chóir go bhfaighfeadh mná agus fir an íocaíocht chéanna do "obair chosúil" nuair a fhostaítear iad faoi fostaiteoir chéanna nó faoi chomhfhostaitheoirí.

Le linn na 20ú haoise afách, bhí go leor neamh-chomhionannais le feiceáil san ionad oibre. Chruthaigh an 'bac pósta', ina raibh ar mhná pósta éirí as a bpoist tar éis dóibh pósadh, deighilt shoiléir idir mná singile a d'fhéadfadh dul sa tóir ar ghairm bheatha agus mná pósta a cuireadh siar go minic i rólanna baile.

---

## Pá Comhionann in Éirinn Nua-Aimseartha

Clúdaítear dlí pá comhionann faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus faoi cód cleachtais reachtúil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC),  ach ní hamháin pá atá faoi réir an dlí.

De réir an dlí, caithfear an íocaíocht céanna a thabhairt d'fostaithe a dhéanann an obair chéanna. Baineann sainiú leathan leis an dlí, agus titeann íocaíochta cosúil le  liúntais, bónais, íocaíochtaí feidhmiúcháin, agus tairbhí neamh-airgeadais cosúil le gluaisteáin agus fóin phóca faoina miniú

Siníodh an tAct um Eolais maidir le Bearna Phá idir na hInscní isteach i ndlí na hÉireann in 2021, agus cuireadh in éifeacht in 2022 é d'fhostaitheoirí le níos mó ná 250 fostaí. In 2025, rachaidh sé i bhfeidhm ar fostaitheoirí le níos mó ná 50 fostaí.

---

## Comhionannas agus Pá Comhionann Inniu

Cé go bhfuil dul chun cinn shuntasach déanta le caoga bliain anuas maidir le reachtaíocht chomhionannais, tá éagothromaíochtaí inscne fós le feiceáil san fhostaíocht.

- Tuairisciú Reatha ar an mBearna Phá Inscne

Taispeánann tuarascálacha go bhfuil an bearna phá idir na hinscní fós ann. Léirigh tuarascáil ó Enterprise Ireland i 2024, mar shample,  meánbhearna de 15% agus

bearna airmheánach de 22%, agus thaispeáin tuairisc an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), meánbhearna de 6.9% i bhfabhar fostaithe fireanna.

- Bearna airgeadais i bhfiontraíocht na mban

Bíonn gnólachtaí faoi úinéireacht baineann faoi mhíbhuntáiste infheistíochta suntasach i gcomparáid lena gcomhghleacaithe fireanna. Fágtar comhlachtaí faoi stiúir na mban ar leathchois airgeadais, le “bearna airgeadais inscne” domnanda ag thart ar $1.7 trilliún.

- Caithfidh mná ar fud na cruinne aghaidh fós a thabhairt ar neamhionannas suntasacha

e.g. Bac an Taliban ar mhná in oideachas agus insan ionad oibre.

(https://devpolicy.org/impacts-of-the-talibans-ban-on-womens-work-and-education-20240209/)

De réir Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), meastar go bhfuil costas de 1 billiún USD sa bhliain ar an mbac ar mhná ón fostaíocht in Afghanistan. (5% de OTI (GDP) na tíre).

Ar nóta níos éadroime, cuireadh deireadh go hoifigiúil le sean-dhlí a bhí i bhfeidhm ar feadh 214 bliain a chuir cosc ar mhná i bPáras briste a chaitheamh.

(Alt faoi dhlí a cheadaíonn *go hoifigiúil* do mhná i bPáras bríste a chaitheamh: https://www.france24.com/en/20130204-paris-women-trousers-law-revolution-equality-france)